**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*An Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne*

**2022/2081(DEC)**

25.1.2023

# TUAIRIM

ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne

chuig an gCoiste um Rialú Buiséadach

maidir le hurscaoileadh i leith chur chun feidhme bhuiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais [2021], Roinn III – an Coimisiún agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin(2022/2081(DEC))

Rapóirtéir don tuairim: Monika Vana



*Aontaithe san éagsúlacht*

PA_NonLeg

## MOLTAÍ

Iarrann an Coiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne ar an gCoiste um Rialú Buiséadach, mar an coiste atá freagrach, na moltaí seo a leanas a ionchorprú ina thairiscint i gcomhair rúin:

A. de bhrí gur bunluachanna iad an comhionannas inscne agus díothú na neamhionannas ar a bhfuil an tAontas fothaithe agus go bhfuil dualgas ar AE de réir Airteagal 8 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an comhionannas inscne agus an príomhshruthú inscne a chur chun cinn ina chuid gníomhaíochtaí uile;

B. de bhrí gur iarr Parlaimint na hEorpa ar an gCoimisiún arís agus arís eile úsáid an phríomhshruthaithe inscne, an bhuiséadaithe inscne agus na measúnuithe tionchar inscne a chur chun cinn agus a chur chun feidhme i réimsí beartais uile an Aontais;

1. á chur i bhfáth gur cheart gné an chomhionannais inscne a chur san áireamh agus a áirithiú i ngach réimse beartais, go háirithe i bhfianaise na n-éifeachtaí iomadúla i dtaobh inscne atá ag na géarchéimeanna éagsúla aeráide, fuinnimh agus sóisialta atá ann faoi láthair, lena n-áirítear na frithfhreagairtí ar an gcomhionannas inscne agus ar chearta na mban, go háirithe sláinte ghnéis agus sláinte atáirgthe agus na cearta a bhaineann leo, i roinnt Ballstát agus ar fud an domhain; á iarraidh an athuair go gcuirfí an buiséadú inscne chun feidhme i rith an phróisis bhuiséadaigh; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé an buiséadú inscne a chur san áireamh i ngach beart téarnaimh agus maolaithe chun úsáid a bhaint as na cláir de chuid AE le haghaidh maolú a dhéanamh ar na héifeachtaí i dtaobh inscne atá ag géarchéimeanna éagsúla;

2. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an nasc idir na hionsaithe ar an smacht reachta agus an fhrithfhreagairt ar an gcomhionannas inscne agus ar chearta na mban; á iarraidh ar an gCoimisiún an smacht reachta a neartú san Aontas agus, ar an gcaoi sin, na cearta bunúsacha agus an comhionannas inscne a chosaint, trí shásra coinníollachta an smachta reachta le haghaidh rochtain a fháil ar chistí ó AE, lena n-áirítear na tograí dlíthiúla sin atá dírithe ar bhuiséad AE a chosaint i gcás easnaimh fhorleathana a mhéid a bhaineann leis an smacht reachta agus sáruithe ar chearta an duine, lena n-áirítear cearta na mban agus sáruithe ar luachanna bunúsacha an Aontais Eorpaigh; á iarraidh ar an gCoimisiún, dá bhrí sin, féachaint ar phríomhaidhmeanna na ndaoine sin a dtugann AE cistí dóibh agus cistiú a choinneáil siar ó ghníomhaithe atá ag iarraidh úsáid a bhaint as cistí ó AE ar mhaithe le dul siar ar chearta an duine, go háirithe cearta na mban agus an comhionannas inscne;

3. ag tabhairt dá haire, agus é ina ábhar imní di, gur deimhníodh i dtuarascáil speisialta 10/2021 arna foilsiú ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa[1], nach gcuirtear an comhionannas inscne san áireamh go leormhaith fós i dtimthriall buiséadach an Aontais agus nár chomhlíon an Coimisiún a ghealltanas go hiomlán go gcuirfeadh sé an príomhshruthú

[1] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, *Gender mainstreaming in the EU budget: time to turn words into action* [An príomhshruthú inscne i mbuiséad an Aontais Eorpaigh: tá beart de réir briathair de dhíth]. Tuarascáil Speisialta Uimh. 10, 2021, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, Lucsamburg, 2021.

inscne san áireamh i mbuiséad an Aontais;

4. á chur in iúl gur geal léi go bhfuil an comhionannas agus príomhshruthú inscne ar cheann de na prionsabail chothrománacha le haghaidh chistí an Aontais sa Chreat Airgeadais Ilbhliantúil do 2021-2027 agus sa tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus á iarraidh go ndéanfaí measúnuithe tionchair inscne, cuspóirí inscne agus an faireachán inscne a chur i bhfeidhm mar a leagtar amach sa tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa;

5. á chur in iúl gur geal léi an obair atá déanta ag an gCoimisiún maidir le haicmiú nua chun meastóireacht a dhéanamh ar an tionchar inscne atá ag caiteachas an Aontais; á iarraidh ar an gCoimisiún a áirithiú go ndíreofar leis an aicmiú sin ar léiriú cruinn agus cuimsitheach ar thionchar na gclár ar an gcomhionannas inscne; á mheabhrú, de dheasca na paindéime in 2021, gur in olcas a chuaigh na neamhionannais struchtúracha i dtaobh inscne a bhí ann cheana agus go ndearnadh difear díréireach d’fhostú na mban, go háirithe mná atá ag obair sa gheilleagar neamhfhoirmiúil agus i ndálaí oibre éiginnte; á chur in iúl gur cheart go mbainfeadh mná agus fir an tairbhe chéanna as an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, go háirithe i bhfianaise na bearna pá 13 % atá idir fir agus mná san Aontas;

6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé go n-úsáidfí Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa amhail Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (ESF+) chun an comhionannas inscne, fostú na mban agus an rochtain atá acu ar an margadh saothair, ar chúram leanaí agus ar shaoráidí cúraim fadtéarmacha a chur chun cinn;

7. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá sé tionscnamh cuí Daphne a neartú trí na hacmhainní a chuirtear ar fáil dó a mhéadú, go háirithe bearta a bhfuil sé mar aidhm leo an foréigean inscnebhunaithe in aghaidh na mban agus na gcailíní agus an foréigean baile de gach leibhéal agus gach cineál a chomhrac i gcomhréir le hAirteagal 7(6) de Rialachán (AE) 2021/692 agus tacaíocht chuí a thabhairt do na daoine atá thíos leis an gcineál sin foréigin;

8. á chur in iúl gurb oth léi nach bhfuil aon línte buiséid sonracha ann le haghaidh bearta atá dírithe ar an gcomhionannas inscne, go háirithe faoi chlár Daphne, rud a fhágann go bhfuil easpa trédhearcachta agus cuntasachta ann;

9. á chur in iúl gur cúis mhór imní di an méid a tháinig chun solais maidir leis an bhfreagra a thug an Coimisiún ar éigniú a tharla san institiúid in 2015, cás inar chuir an Coimisiún an t-oifigeach i dtrácht, a ciontaíodh agus ar gearradh pianbhreith air, ar fionraí ach inar íoc an Coimisiún tuarastal leis i rith na n-imeachtaí fada dlíthiúla; á iarraidh ar an gCoimisiún an prótacal a neartú chun a áirithiú, i gcásanna den sórt sin, nár mhór don Choimisiún deireadh iomlán a chur le híoc an tuarastail; á iarraidh ar an gCoimisiún an ceart chun rochtana atá ag íospartaigh ar thacaíocht shíceolaíoch agus ar thacaíocht eile a chur lena phrótacal; ag tathant ar an gCoimisiún a áirithiú go bhfágfaidh na rialacha uile atá i bhfeidhm nach nglacfar le haon chineál mí-iompair agus go dtabharfar tacaíocht iomlán do gach íospartach; á mheabhrú go bhfuil dualgas ar an gCoimisiún na beartais uile is gá a chur i bhfeidhm chun gach cineál ciaptha agus foréigin a chosc agus chun aghaidh a thabhairt orthu

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 25.1.2023 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | +: 24<br>–: 6<br>0: 1 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Isabella Adinolfi, Christine Anderson, Simona Baldassarre, Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Margarita de la Pisa Carrión, Gwendoline Delbos-Corfield, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Lívia Járóka, Arba Kokalari, Alice Kuhnke, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Karen Melchior, Johan Nissinen, Carina Ohlsson, Sirpa Pietikäinen, Samira Rafaela, Evelyn Regner, Diana Riba i Giner, Eugenia Rodríguez Palop, María Soraya Rodríguez Ramos, Christine Schneider, Michal Šimečka, Sylwia Spurek, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Sylvie Brunet, Virginie Joron, Marina Kaljurand, Predrag Fred Matić |
| **Comhaltaí ionaid faoi Riail 209(7) a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Paola Ghidoni |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

| 24 | + |
|---|---|
| PPE | Isabella Adinolfi, Rosa Estaràs Ferragut, Frances Fitzgerald, Arba Kokalari, Elżbieta Katarzyna Łukacijewska, Sirpa Pietikäinen, Christine Schneider, Elissavet Vozemberg-Vrionidi |
| Renew | Sylvie Brunet, Karen Melchior, Samira Rafaela, María Soraya Rodríguez Ramos, Michal Šimečka |
| S&D | Robert Biedroń, Vilija Blinkevičiūtė, Marina Kaljurand, Predrag Fred Matić, Carina Ohlsson, Evelyn Regner |
| The Left | Eugenia Rodríguez Palop |
| Verts/ALE | Gwendoline Delbos-Corfield, Alice Kuhnke, Diana Riba i Giner, Sylwia Spurek, |

| 6 | - |
|---|---|
| ECR | Johan Nissinen, Margarita de la Pisa Carrión |
| ID | Christine Anderson, Simona Baldassarre, Paola Ghidoni, Virginie Joron |

| 1 | 0 |
|---|---|
| NI | Lívia Járóka |

Eochair:
+ : i bhfabhar
- : i gcoinne
0 : staonadh